Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10630 — BLACKSTONE / VISTA / CAMPUSLOGIC HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 142/08)

1. An 17 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Blackstone, Inc. ("Blackstone", SAM)

— Vista Equity Partners Management, LLC ("Vista", SAM)

— CampusLogic Holdings, Inc. ("CampusLogic", SAM)

Gheobhaidh Blackstone agus Vista comhrialú ar CampusLogic de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí scaireanna a fháil atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Blackstone: bainistiú sócmhainní domhanda agus gnólacht infheistíochta,

— i gcás Vista: gnólacht infheistíochta a bhainistíonn punann cuideachtaí atá dírithe ar bhogearraí cumasaithe agus forbartha fiontair, ar ghnóthais sonraí agus gnóthais chumasaithe ó thaobh na teicneolaíochta de,

— i gcás CampusLogic: soláthraíonn sé réitigh bogearraí a chuireann ar chumas do mhic léinn ardoideachais a bheith rafar i gcúrsaí airgeadais agus iad ag déileáil le hinstitiúid oideachais i dtimthriall an chúnaimh airgeadais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10630 — BLACKSTONE / VISTA / CAMPUSLOGIC HOLDINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË